

LIÚNTAS COTHABHÁLA OIDEACHAIS

TREOIR

BLIAIN ACADÚIL 2010/11

TIG LEAT DO LIÚNTAS A IARRAIDH MÁ SHLÁNAÍONN TÚ 16, 17, 18 NÓ 19 mBLIANA D'AOIS AR NÓ IDIR AN 2 IÚIL 2009 AGUS AN 1 IÚIL 2010 AGUS MÁ TÁ TÚ AG LEANÚINT AR AGHAIDH I mBREISOIDEACHAS Ó MHEÁN FÓMHAIR 2010 AMACH

Department for Employment and Learning
www.delni.gov.uk

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

NI/EMA/N/V1011

PRÓIS IARRATAIS

Líon isteach agus cuir ar ais d'fhoirm iarratais sa chlúdach faoina choinne.

Déanfaimid measúnú ar d'iarratas.

Má bhíonn faisnéis nó fianaise sa bhreis ar bith de dhíobháil orainn chun an measúnú a chur i gcrích, déanfaimid teagmháil leat.

Seolfaimid Litir Dhámhachtana chugat.

Beidh ort Comhaontú Foghlama a aontú agus a shíniú ag an scoil nó an choláiste ina bhfuil tú.

Chun do EMA a fháil, ní mór duit freastal ar scoil nó ar choláiste.

Déanfaidh do scoil nó do choláiste do fhreastal a dhaingniú.

Ansin, gheobhaidh tú íocaíocht gach coicís i do Chuntas Bainc nó do Chuntas Cumann Foirgníochta.

Má bhaineann tú na cuspóirí i do Chomhaontú Foghlama amach, gheobhaidh tú íocaíochtaí bónais.

Má leanann tú ar aghaidh le do chuid staidéir an chéad bhlian acadúil eile, ní bheidh feidhm ort iarratas úr a chur isteach faoi choinne an EMA. Tosóimid do chuid íocaíochtaí arís, má bhíonn tú fós i dteideal an EMA, chomh luath agus a shíníonn tú do chomhaontú foghlama úr agus a dhéantar tú a dhaingniú a bheith i láthair ag do scoil nó do choláiste.

Cad is EMA ann?

Is ionann EMA agus Liúntas Cothabhála Oideachais. Is éard atá ann íocaíocht de suas le £30 in aghaidh na seachtaine, a íoctar gach coicís do mhic léinn atá i dteideal, chun cuidiú leis an chostas a bhaineann le leanúint orthu i mbun breisoideachais. Fosta, thiocfadh go bhfaighidh mic léinn a fhaomhaítear faoi choinne an EMA íocaíochtaí bónais de £100 a dhéantar suas le trí huaire in aghaidh na bliana, má bhaintear na cuspóirí fá dtaobh de fhreastal ar an scoil nó ar an choláiste agus cruthúnas amach.

Goidé mar a dhéanaim iarratas?

Díreach lean na trí chéim éasca ar an fhoirm iarratais.

Má dhéanann tú a leithéid, líonfaidh tú isteach **gach rannán a bhaineann le hábhar** ar an fhoirm iarratais, cuirfidh tú **sonraí fá dtaobh de do chuntas bainc** in iúl dúinn agus déanfaidh tú **an dearbhú a shíniú**. Mura ndéanann tú gach ceann acu seo, cuirfear moill ar do chuid íocaíochtaí EMA.

Féach chuige go bhfuil an fhianaise atá de dhíobháil orainn seolta agat. Tig leat d'fhoirm iarratais líonta isteach a sheoladh chugainn fiú má bhíonn tú fós ag fanacht ar fhianaise. Chomh luath agus a bheidh an fhianaise eile agat, tig leat í a chur chugainn léi féin lá níos faide anonn. Ach, caithfimid d'fhoirm a fháil faoin **31 Márta 2011** agus an fhaisnéis agus an fhianaise **ar fad** a bhíonn de dhíobháil orainn a fháil faoin **31 Lúnasa 2011** nó ní bhfaighidh tú íocaíochtaí EMA ar bith faoi choinne na bliana acadúla 2010/11.

Chun íocaíochtaí a shiardhátú go tosach do chúrsa, beidh ort d'fhoirm a sheoladh ar ais faoin **30 Meán Fómhair 2010**. Más rud é go bhfaightear d'iarratas i ndiaidh an dáta seo, ní dhéanfar íocaíochtaí a shiardhátú ach go tosach na seachtaine i ndiaidh an dáta a fuarthas d'iarratas.

Déan seiceáil go bhfuil an postas ceart agat sula gcuireann tú d'iarratas faoi choinne an EMA sa phost. Ba cheart an fhoirm iarratais agus an clúdach a mheá agus an postas ceart a íoc nó cuirfidh sé moill ar cá huair a thig linn d'iarratas a phróiseáil. Thiocfadh go dtarraingeodh sé seo moill ar thosach do chuid íocaíochtaí. **Molaimid duit cruthúnas postais a fháil, mar shampla, admháil ó oifig an phoist nó dearbhán seachadta cláraithe, nuair a bheidh an fhoirm seo á seoladh ar ais agat ar eagla go mbíonn fadhbanna ar bith ann fá dtaobh de sheachadadh.**

An dtig liom é a fháil?

Tig leat an EMA a fháil más rud é:

- Go bhfanann, nó go dtosaíonn tú, ar scoil nó i gcoláiste i dTuaisceart Éireann i mbliain acadúil 2010/11 (an 1 Meán Fómhair 2010 go dtí an 31 Lúnasa 2011);
- Go slánaíonn tú 16, 17, 18 nó 19 mbliana d'aois ar nó idir an 2 Iúil 2009 agus an 1 Iúil 2010;
- Nach bhfuil an t-uasliúntas faoi choinne an EMA faighte agat;
- Go bhfuil fút cúrsa lánaimseartha a ghlacadh ar scoil nó 15 huaire treoraithe ar a laghad ag coláiste. Áirítear le cúrsaí incháilithe cúrsaí acadúla agus gairme suas go Leibhéal 3 agus é sin san áireamh (mar shampla, GSCE, Leibhéal A, BTEC, NVQ agus Scileanna Bunúsacha);
- Go mbaineann tú amach na critéir fá dtaobh de chónaí agus náisiúntacht a leagtar amach i Scéim an EMA; agus
- Go bhfuil cónaí ort i dteaghlach a bhfuil ioncam bliantúil de £33,061 nó níos lú in aghaidh na bliana acu.

Más rud é go mbaineann tú amach na coinníollacha ar fad thuas fá dtaobh de do cháilitheacht, ba cheart duit foirm iarratais an EMA a líonadh isteach agus a sheoladh ar ais chugainn sa chlúdach faoina choinne. Má rud é gur chaill tú d'fhoirm iarratais, tig leat cóip eile a íoslódáil ag **www.emani.gov.uk**, cóip eile a fháil ag an scoil nó an choláiste mar a bhfuil tú nó cóip eile a iarraidh ach glaoch orainn ar 0845 601 7646.

Cá mhéad a thig liom a fháil?

Is é an teidlíocht EMA is airde in aghaidh na seachtaine ná £30 a íoctar gach coicís. Chun méad do theidlíochta a mheas, beidh orainn breathnú ar ioncam bliantúil do theaghlaigh sa todhchaí. Léiríonn an tábla cá mhéad a dtiocfadh leat a bheith i dteideal a fháil:

Ioncam Bliantúil an Teaghlaigh	Teidlíocht Liúntais in Aghaidh na Seachtaine	Íocaíocht Liúntais Gach Coicís
Suas le £22,331	£30	£60
£22,332 – £27,388	£20	£40
£27,389 – £33,061	£10	£20
£33,062 agus níos mó	£0	£0

Chomh maith le liúntas seachtainiúil, thiocfadh go bhfaighidh tú íocaíochtaí bónais de £100 fosta.

Déanfaimid do cháilitheacht agus do theidlíocht a dhaingniú chomh luath agus a bheidh an measúnú curtha i gcrích againn. Má bhíonn faisnéis nó fianaise sa bhreis ar bith de dhíobháil orainn chun an measúnú a chur i gcrích, déanfaimid teagmháil leat.

Cá huair a thig liom é a fháil?

Ní thig leat íocaíochtaí EMA a fháil ach i ndiaidh duit comhaontú foghlama le do scoil nó do choláiste a shíniú.

Comhaontuithe Foghlama

Má ghlactar leat faoi choinne an EMA, caithfidh tú an dá chuid de do Chomhaontú Foghlama a shíniú le hionadaí ag do scoil nó do choláiste chomh luath agus a thosóidh tú ar do chúrsa.

Clúdaíonn do Chomhaontú Foghlama na rialacha ar fad fá dtaobh de fhreastal agus cruthúnas a leagtar amach le do scoil nó do choláiste nach mór duit iad a bhaint amach chun do theidlíocht sheachtainiúil chomh maith le bónais a fháil.

Chun tuilleadh a fháil amach fá dtaobh de na rialacha seo, labhair más é do thoil é le do scoil nó do choláiste.

Íocaíochtaí bónais

De ghnáth déantar íocaíochtaí bónais in Eanáir agus i Meitheamh. Thiocfadh go ndéanfar íocaíocht bhónais sa bhreis do mhic léinn EMA ag filleadh.

Ní bhfaighidh tú íocaíochtaí coicíse EMA ná íocaíochtaí bónais ar bith go dtí go mbeidh an dá chuid de do chomhaontú foghlama sínithe agat.

Cé leis an dtig liom teagmháil a dhéanamh le tuilleadh ceisteanna?

Má bhíonn ceisteanna ar bith eile agat, labhair más é do thoil é le do scoil nó do choláiste. Mura mbíonn do scoil nó do choláiste in ann freagra a thabhairt ar d'fhiosrú, tig leat tuilleadh eolais fá dtaobh den Liúntas a fháil ag:

- **www.delni.gov.uk**; nó
- ar ríomhphost ag **ema_ni@slc.co.uk**; nó
- cuir glaoch orainn ar 0845 601 7646.

Conas mar a dhéanaim gearán?

De ghnáth, is féidir fadhbanna a réiteach go gasta agus go héasca ach glaoch a chur ar an roinn lena raibh tú ag déileáil, an fhadhb a mhíniú agus iarraidh go ndéanfar í a réiteach. Mura ndéanann sé seo an fhadhb a réiteach chun do shástachta nó má cheapann tú go mb'fhéidir nach mbeadh an cur chuige seo cuí, tig leat gearán a dhéanamh ar cheann amháin de na dóigheanna seo a leanas:

- Scríobh go: The Complaints Resolution Unit
  Student Loans Company Limited
  100 Bothwell Street
  Glasgow
  G2 7JD
- Glaoch ar an roinn dheireanach lena raibh tú ag déileáil agus iarraidh go ndéanfar gearán gutháin a chlárú
- Ríomhphost a chur go **customer_complaints@slc.co.uk**

Déan tagairt le do thoil do d'Uimhir Thagartha Custaiméara (más ann di) sa chomhfhreagras uile. Má cheapann tú gur fhulaing tú de dheasca míriaracháin nó teipe seirbhíse le d'iarratas nó do mheasúnú, tá de cheart agat gearán a chur go hOifig Ombudsman Thuaisceart Éireann.

TREOIR CHUN FOIRM IARRATAIS 2010/11 A LÍONADH ISTEACH

Ba cheart duit leas a bhaint as an treoir seo agus an fhoirm iarratais á líonadh isteach agat. Déantar an treoir a roinnt ina dhá leath ar an dóigh chéanna leis na ceisteanna, chun go mbeidh sé níos éasca duit an fhaisnéis cheart a aimsiú. Tugann an treoir seo cur síos ar an méid a mbeidh ort cur in iúl dúinn agus tugann sí sonraí fosta fá dtaobh d'fhianaise cháipéiseach ar bith eile a gcaithfidh tú féin nó do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) nó do chéile seoladh leis an fhoirm.

e **Tábhachtach:** Déantar fianaise nach mór duit a chur ar fáil a shonrú sa treoir seo agus a mharcáil leis an deilbhín seo.

! **Ní ghlacaimid le fótachóip d'fhianaise cháipéiseach,** ní ghlacfar ach le bunchóipeanna. Má sheolann tú fótachóipeanna isteach, cuirfidh sé moill ar d'iarratas.

Rannán A
Do Chuid Sonraí Pearsanta

C1. Caithfidh tú cruthúnas ar d'aois agus ar d'aitheantas a chur ar fáil fríd do theastas breithe nó uchtála a sheoladh le d'fhoirm iarratais. Más rud é nach ionann an t-ainm as a mbaineann tú feidhm agus an t-ainm ar do theastas breithe, ní mór duit gníomhas aonpháirtí nó teastas pósta a chur le d'iarratas chun d'aitheantas a chruthú.

C2. Caithfidh tú cruthúnas ar sheoladh do theaghlaigh a chur ar fáil. Tig seo a bheith ina Fhógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach nó ina bhille áirgí (gás, leictreachas, rátaí nó teileafón) a fuarthas taobh istigh de thrí mhí ó shin, in ainm do thuismitheora nó do chaomhnóra. Más rud é go n-athraíonn tú do sheoladh le linn na bliana acadúla, ní mór duit a bheith i do chónaí sa Ríocht Aontaithe fós agus ag freastal ar scoil nó ar choláiste i dTuaisceart Éireann le coinneáil ort ag fáil an EMA. Chun breis faisnéise a fháil fá dtaobh d'Fhógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach, féach le do thoil ar Rannán I den treoir seo.

Thiocfadh go ndéanfaimid teagmháil leat fríd theachtaireacht téacs. Más rud é go bhfaigheann tú teachtaireacht téacs, tabharfar an rogha duit tarraingt siar as a bheith ag fáil breis teachtaireachtaí ach 'STOP' a sheoladh mar théacs. Déanfaimid ár ndícheall cosc a chur ar mhuirear ar bith a ghearradh ort as téacsanna 'STOP' a sheoladh le linn duit a bheith sa Ríocht Aontaithe.

Rannán B
Sonraí fá dtaobh de do Scoil nó do Choláiste

C1. Más rud é go bhfaigheann tú Dámhachtain FE nó Sparánacht DARD nó go bhfuiltear i ndiaidh tú a fhaomhadh chun iad a fháil, **níl tú cáilithe** chun cur isteach ar EMA.

C2. Mura bhfuil tú cinnte cá háit ina mbeidh tú i do mhac léinn ó Mheán Fómhair 2010 amach, cuir isteach le do thoil sonraí fá dtaobh den scoil nó den choláiste ar a mbíonn tú ag freastal i láthair na huaire. Má tá fút a bheith i mbun staidéir ag dhá cheann de scoileanna nó de choláistí san am céanna, cuir isteach sonraí fá dtaobh den cheann ina gcaithfidh tí an chuid is mó den am. Déanfaidh lán na beirte de na scoileanna agus na coláistí teagmháil linn chun a chinntiú nach gcailleann tú íocaíochtaí. Cuir glaoch orainn chomh luath agus a bheidh a fhios agat cá háit ina mbeidh tú i mbun staidéir agus déanfaimid d'iarratas a nuashonrú.

Mura bhfuil an seoladh ar eolas agat, déan teagmháil le do scoil nó do choláiste chun sonraí a fháil.

Rannán C
Do Chuid Sonraí fá dtaobh de Náisiúntacht agus Chónaí

Chun a bheith cáilithe faoi choinne an EMA, caithfidh tú na rialacha fá dtaobh de chónaí agus náisiúntacht a leagtar amach i scéim an EMA a bhaint amach.

Is iad ballstáit an AE ná: An Ostair, An Bheilg, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Ungáir, Éire, An Iodáil, An Laitvia, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

Is iad ballstáit an LEE ná: na cinn ar fad thuas, An Íoslainn, Lichtinstéin agus An Iorua.

Is éard is brí le **i do chónaí de ghnáth** go mbíonn cónaí ort mar is iondúil agus go dleathach sa Ríocht Aontaithe, san AE/LEE no san Eilvéis de rogha. Más rud é go bhfuil tú i ndiaidh bogadh chuig an Ríocht Aontaithe chun críocha oideachais, ní mór duit a bheith i do chónaí san AE/LEE nó san Eilvéis sula raibh tú i do chónaí de ghnáth sa Ríocht Aontaithe. Ná cuir sán áireamh a bheith as láthair go sealadach ar feadh tréimhse de shé mhí nó níos lú thar thrí bliana. Tabhair faoi deara le do thoil, caithfidh tú a bheith i do chónaí sa Ríocht Aontaithe ar an chéad lá de do chúrsa chun a bheith cáilithe faoi choinne an EMA.

Ní bheidh tú cáilithe faoi choinne an EMA más iarrthóir Tearmainn thú. Má bhíonn fiosruithe ar bith agat fá dtaobh de chónaí agus náisiúntacht ba cheart duit glaoch a chur orainn. **Tabhair faoi deara le do thoil: ní ghlacfaimid le pas mar fhianaise ar do náisiúntacht más rud é go n-éagann sé sula bhfaigheann muid d'fhoirm iarratais.**

Rannán C
Do Chuid Sonraí fá dtaobh de Náisiúntacht agus Chónaí

C1. Ag brath ar an bhosca ina gcuireann tú tic ó a go h, lean na saigheada chun a fháil amach goidé an fhianaise atá de dhíobháil orainn.



! Má bhíonn pas á sheoladh agat, fan trí seachtaine sula gcuirtear ar ais chugat é.

Rannán C
Ar lean

e. Náisiúnach de chuid an LEE nó na hEilvéise atá/a bhíodh ag obair nó atá ag cuardach oibre sa Ríocht Aontaithe

f. Páiste le náisiúnach de chuid na Tuirce atá/a bhíodh ag obair sa Ríocht Aontaithe

g. Stádas dídeanaí nó cosaint shealadach AE sa Ríocht Aontaithe

Dídeanaí
Caithfidh tú a bheith i do chónaí sa Ríocht Aontaithe ó bronnadh stádas Dídeanaí

Pas bailí
NÓ
Cárta Aitheantais Náisiúnta
e

Pas bailí
NÓ
Cárta Aitheantais Náisiúnta
e

Cáipéis fá dtaobh de stádas inimirce
AGUS
litir ón Oifig Gnóthaí Baile
e

Ón té ag a bhfuil stádas náisiúnach de chuid an LEE nó na hEilvéise, beidh **ceann amháin** den mhéid seo a leanas de dhíobháil orainn:
- P60
- P45
- litir óna bhfostóir ar pháipéar ceannteidil
- cuntais iniúchta
- tuairisceán cánach
- sonraí fá dtaobh dá gcuid ioncaim

NÓ

- cruthúnas go bhfuil siad ag cuardach fostaíochta go gníomhach sa Ríocht Aontaithe
e

Beidh ceann amháin den mhéid seo a leanas ó do thuismitheoir nó do leasthuismitheoir de dhíobháil orainn fosta:
- P60
- P45
- litir óna bhfostóir ar pháipéar ceannteidil
- cuntais iniúchta
- tuairisceán cánach
- sonraí fá dtaobh dá gcuid ioncaim
e

Má bhaineann stádas dídeanaí le ball den teaghlach, beidh cruthúnas ar an ghaol nuair a chuir tú iarratas faoi bhráid na hOifige Gnóthaí Baile de dhíobháil orainn.
e

Má bhaineann an stádas seo le ball do theaghlaigh beidh a bpas bailí nó a gcárta Aitheantais Náisiúnta **agus** cruthúnas ar an ghaol eadraibh de dhíobháil orainn
e

Rannán D
Do Chónaí

Má bhíonn tuilleadh spáis de dhíobháil ort chun sonraí a thabhairt fá dtaobh de do chónaí, tabhair é seo ar pháipéar eile le do thoil agus cuir ar ais leis an fhoirm é.

Rannán E
Sonraí fá dtaobh de do chuid Neamhspleáchais

C1. Ciallaíonn coimhthithe ó do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) nach mbíonn teagmháil agat leo go buan.

Más rud é go bhfuil tú coimhthithe ó do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) agus nach bhfaigheann tú Liúntas Tacaíochta Ioncaim ná Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam, caithfidh tú Rannán I a líonadh isteach le do chuid sonraí airgeadais féin agus sonraí do chéile (má bhaineann le hábhar).

Critéir fá dtaobh de Neamhspleáchas	Fianaise de Dhíobháil e
C2. Tá cónaí ort faoi chúram Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta nó le tuismitheoirí altrama	Litir ó Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta a chaithfidh: - daingniú go bhfuil cónaí ort faoina gcúram siúd nó le tuismitheoirí altrama; - do sheoladh reatha a dhaingniú; agus - a bheith ar pháipéar ceannteidil agus í sínithe le hoifigeach le húdarás ó Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta le stampa oifigiúil.
C3. Faigheann tú Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam	An ráiteas Sochar is deireanaí de do chuid, Fógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach ón 6 Aibreán 2009 go dtí an 5 Aibreán 2010 nó ráiteas bainc ar na mallaibh a thaispeánann íocaíochtaí sochair.
C4. Tá tú freagrach as páiste de do chuid féin	An ráiteas is déanaí de do chuid fá dtaobh de Shochar Leanaí nó teastas breithe do linbh agus daingniú de do sheoladh reatha.

Rannán G
Toiliú Roinnte

Má aontaíonn tú ligean dúinn labhairt le do thuismitheoir(í)/chaomhnóir(í) nó do chéile, ba cheart dóibh tagairt a thabhairt don Uimhir Thagartha Custaiméara leithleach a nochtann ar an uile chomhfhreagras a sheolaimid chugat fá dtaobh de d'iarratas. Cuirfimid tuilleadh ceisteanna fosta fá dtaobh de na sonraí a chuireann tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais mar bheart slándála breise.

Rannán I
Sonraí Airgeadais do Theaghlaigh

Níor cheart an rannán seo a líonadh isteach más rud é go bhfuil ráite agat i Rannán E go mbaineann ceann ar bith den mhéid seo a leanas duit féin:

- Tá cónaí ort faoi chúram Sheirbhísí Sláinte agus Sóisialta nó le tuismitheoirí altrama.
- Faigheann tú Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam i d'ainm féin.
- Tá páiste agat as a bhfuil tú freagrach.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach le do thoil ar Rannán E den treoir seo. **NÁ** cuir isteach ioncam fá dtaobh de thuismitheoirí ná leasthuismitheoirí a bhfuil cónaí buan orthu taobh amuigh de do theaghlach.

C1. Más rud é go mbeidh tú le do chuid sonraí féin a chur sa rannán seo, cuir isteach 'Mac Léinn' sa réimse fá dtaobh den ghaol leis an Iarrthóir i dtaca le Pearsa 1 de.

C2. Más rud é go bhfaigheann tú Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam, caithfidh tú an Ráiteas Sochar is deireanaí de do chuid a chur ar fáil.

TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL: Más rud é go bhfaigheann tú Creidmheas Cánach Páistí chomh maith le Liúntas Tacaíochta Ioncaim nó Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam, cuir isteach le do thoil an Fógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach.

C3. Más rud é go bhfaigheann do theaghlach Creidmheas Cánach, caithfidh tú d'Fhógra fá dtaobh de Chreidmheas Cánach faoi choinne bliana cánach 2009/10 a sheoladh isteach. Is litir é seo ó Ioncam agus Custam na Banríona le sonraí fá dtaobh d'ioncam do theaghlaigh agus do theidlíocht ar Chreidmheas Cánach. **Tabhair faoi deara le do thoil nach nglacaimid le leagan R.**

C4. Caithfidh tú sonraí fá dtaobh d'ioncam do theaghlaigh faoi choinne bliana cánach 2009-10 a chur ar fáil. Tugann Tábla A agus B liosta de na cineálacha ioncaim ar fad a chaithfear dearbhú. Caithfear an uile ioncam a rá mar luach bliantúil roimh cháin.

C5. Tugann Tábla C sa treoir seo liosta de na cineálacha asbhaintí ar fad ba cheart duit cur ar an fhoirm.

C6. Ba cheart duit d'uimhir i C5 ASBHAINTÍ IOMLÁNA a bhaint as d'uimhir C4 IONCAM IOMLÁN chun do shuim IOMLÁN a thabhairt.

Mar shampla: **£10,000** (C4 IONCAM IOMLÁN)

- **£2,000** (C5 ASBHAINTÍ IOMLÁNA)

= **£8,000** IOMLÁN

Caithfidh tú fianaise tacaíochta a chur ar fáil fosta fá dtaobh den uile ioncam agus asbhaint de chuid an teaghlaigh a chláraítear sa rannán seo.

Fógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach (TCAN)
Sampla



HM Revenue & Customs

105124:00000546:001

MR FRANK PEACH
MRS PAULINE PEACH
1 ANY STREET
ANYTOWN
ANYWHERE
XX00 0XX

Helplines 08:00 to 20:00
0845 300 3900
Minicom/Textphone
0845 300 3909

TAX CREDIT OFFICE
PRESTON
PR1 0SD

Date 18 July 2010

Final tax credits decision fo 06/04/2009 to 05/04/2010

MR FRANK PEACH — National Insurance number AB 34 56 78 D
MRS PAULINE PEACH — National Insurance number CD 55 56 66 B

Summary

Tax credit for the period – see Part 2
Child Tax Credit £2778.66

Amounts still to be paid to you
Child Tax Credit £0.00

Part 1 shows the circumstances and income we have used to make our final decision. We expect you to check that they are correct and tell us if they are not.

Part 2 shows how we have used the information to calculate the amount of tax credits for the year.

Part 3 gives details of payments during the year.

Why we are writing to you

We are making a final decision on the amount of tax credit due to you for the period 06/04/2009 to 05/04/2010 based on information we held.

What to do now

Please check the details on this form and tell us if anything is wrong, missing or incomplete.

If we do not hear from you we will assume the information we hold is correct and
If we later find that you knew this information was incorrect or incomplete and did
you may be liable to a financial penalty and/or you may be prosecuted.

TC602(E) 3/2009 Page 1 of 4

Example

Ba cheart go mbeadh d'ainm anseo.

Is é seo an dáta a ndearnadh do chuid creidmheas cánach a bhronnadh faoina gcoinne. Caithfidh tú creidmheas cánach na bliana roimhe a chur isteach, is é sin faoi choinne na bliana acadúla 2010/11 go gcaithfidh tú TCAN a chur isteach faoi choinne an 6 Aibreán 2009 go dtí an 5 Aibreán 2010.

Is é seo achoimre do chreidmheasa cánach, **Ní hÉ** ioncam bliantúil do theaghlaigh. Cuirtear ioncam bliantúil do theaghlaigh in iúl ar leathanach 2 de do TCAN.

Seo mar a gcuirfear in iúl cén leagan d'Fhógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach a tugadh duit – ní ghlacaimid le **leagan R**.

Part 1 Personal circumstances

Your tax credits were based on your personal circumstances during the period shown on page 1. We hold the following details for the end of that period. Please check they were correct. If anything is wrong, missing or incomplete, please contact us.

Claimants

Your tax credits are based on you being part of a couple. If you have separated, please tell us. You may be able to make a new claim to tax credits, either on your own or as part of a new couple.

MR FRANK PEACH
You worked 33 hours a week.

MRS PAULINE PEACH
You claimed tax credits jointly with the person named above.
You worked 10 hours a week.

Qualifying children and young people
2 aged between one and sixteen

Child care costs
You have no qualifying child care costs. If you start to pay for child care, and you qualify for Working Tax Credit you may be able to claim the child care element of Working Tax Credit. Contact us for details.

Income
We have made a final decision on your award based on the following information about your income. Please check carefully and tell us if any of the figures are incorrect.

Your income for the year 6 April 2009 to 5 April 2010

MR FRANK PEACH
Earnings as an employee £16000.00
Your total income £16000.00

MRS PAULINE PEACH
Earnings as an employee £3000.00
Your total income £3000.00
Total income for the year from 6 April 2009 to 5 April 2010 £19000.00

Your income for the year 6 April 2009 to 5 April 2010
Total income for the year from 6 April 2009 to 5 April 2010 £18000.00

Your right to appeal
You have 30 days from the date of this notice to appeal. Any appeal must be in writing, but you may want to phone us first to see if we can reach an agreement without a formal appeal. You will still have the right to appeal if you do this.

Page 2 of 4 000000001114395

Example

Cuirtear ioncam bliantúil do theaghlaigh in iúl ar leathanach 2, ceangail é seo más é do thoil é le d'fhoirm iarratais chomh maith le leathanach 1.

Rannán I
Ar lean

TÁBLA A – CINEÁLACHA CAIGHDEÁNACHA IONCAIM

Cineál Ioncaim	Tuairisc	Fianaise de Dhíobháil e
Tuarastal agus pá	Is é seo an pá inchánach ina iomláine. Is é an tsuim a íoctar sula ndéantar asbhaintí ar bith ar mhaithe le cáin ioncaim nó ranníocaíochtaí Árachais Náisiúnta. Áirítear leis: - An uile ioncam ó fhostaíocht. - Pá Breoiteachta Reachtúil. - Pá Coibhneasta le Gníomhú. - Sochair/Íocaíochtaí Comhchineáil. - Pá Máithreachais Reachtúil. - Pá Atharthachta Reachtúil. - Pá Uchtála Reachtúil. - Aiscí nó luach dráir. - Íocaíochtaí ragoibre.	P60, Duillín pá ag Mí 12 nó duillíní pá seachtainí 50, 51 agus 52. P45, más rud é go raibh breis agus fostaíocht amháin ag duine de do thuismitheoir(í)/ chaomhnóir(í) i rith na bliana cánach a ghabh thart. P11D nó P9D, más rud é go bhfaigheann tú sochair nó íocaíochtaí comhchineáil.
Ioncam féinfhostaíochta	Is é seo an t-ioncam agus brabúis ó Fhéinfhostaíocht, leat féin nó i gcomhpháirtíocht, de réir mar a nochtann ar d'fhoirm SA302. Áirítear leis: - Ioncam cíosa gnó. - Ioncam ar bith eile ó úinéireacht maoine. Ní áirítear leis: - Ranníocaíochtaí iomlána a chuirtear le scéim pinsin phearsanta. - Caillteanas trádála ar bith a tugadh ar aghaidh ó bhlianta roimhe.	An SA302 is déanaí. Gan SA302 ná Fógra fá dtaobh de Dhámhachtain Creidmheasa Cánach a bheith ann, litir ó chuntasóir ar pháipéar ceannteidil.
Sochair Leasa Sóisialaigh Inchánacha	Íocaíochtaí le daoine faoin chóras leasa sóisialaigh a eagraíonn an Áisínteacht um Leas Sóisialach. Go sonrach: - Pinsean Scoir. - Liúntas do Thuismitheoir ina B(h)aintreach. - Liúntas Cúramóra. - Sochar do Bhás Tionsclaíoch. - Sochar Neamhábaltachta (i ndiaidh 28 seachtaine)*. - Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ranníocaíochtaí. - Sochar Méala. - Sochar Cuardaitheora Poist. NÍ ÁIRÍTEAR LEIS Liúntas Tacaíochta Ioncaim ná Liúntas Fostaíochta agus Tacaíochta Bunaithe ar Ioncam. Más rud é go bhfaigheann tú ceachtar acu seo, freagair C2.	Ráiteas nó taifead fá dtaobh de shochair inchánacha íoctha.

*Bain as an chéad 28 seachtaine d'íocaíochtaí ón dáta ar a bhfuair tú Sochar Neamhábaltachta ar dtús.

Rannán I
Ar lean

Déantar na cineálacha ioncaim i dTábla B a rangú mar 'Ioncam Eile'. Más rud é go bhfuair tú na cineálacha seo ioncaim, beidh ort an tsuim iomlán fá dtaobh d'achan duine a ríomh agus ansin an dá iomlán a chur le chéile.

- Más rud é go mbíonn an t-iomlán níos mó ná £300, caithfidh tú na sonraí fá dtaobh d'ioncam a chur sna boscaí a bhaineann le hábhar. **NÁ** bain do liúntas £300 as, déanfaimid an asbhaint seo duit.
- Mura bhfuil an t-iomlán níos mó ná £300, ní gá duit insint dúinn fá dtaobh de cheann ar bith de na hiomláin ioncaim.

TÁBLA B – CINEÁLACHA EILE IONCAIM

Cineál Ioncaim	Tuairisc	Fianaise de Dhíobháil e
Coigilteas agus infheistiú	Seo ioncam nach mbíonn tú ag obair chun é a shaothrú. Áirítear leis seo: - Ús ar choigilteas agus infheistiú ó chuntais bhainc nó cumann foirgníochta sula mbaintear cáin ar bith as. Áirítear leis seo díbhinní ar bith a fhaightear. Ní áirítear leis seo cuntais saor ó cháin, ar nós TESSA, PEP nó ISA.	Ráitis bhainc nó chumann foirgníochta. Ráitis úis bhliantúla. Dearbháin díbhinní.
Deontas Cleithiúnaithe	Seo ioncam ó Dheontas Cleithiúnaithe mic léinn.	Fógra fá dtaobh de Thacaíocht Airgeadais.
Ioncam iontaobhais	Seo ioncam, sula mbaintear cáin as: - Iontaobhais. - Socraíochtaí. - Aistriú sócmhainní. - Luach an úis atá agat féin nó ag do chéile in eastát pearsa atá i ndiaidh bás a fháil. Thiocfadh go mbeadh seo mar shócmhainní mar airgead, iontaobhas nó mhaoin.	Ráitis bhliantúla fá dtaobh de Theastas Iontaobhais ó riarthóir iontaobhais. **TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL:** Caithfidh tú fianaise a chur ar fáil fá dtaobh de **GACH** cineál ioncaim neamhshaothraithe a fhaightear.
Ioncam eachtrannach	Seo ioncam a fuarthas sa bhliain a ghabh thart ó obair ar bith a gabhadh de láimh thar lear nó infheistiú ar bith atá agat thar lear. Cuir isteach an tsuim iomlán roimh cháin. Caithfear gach suim a chur i bpuint steirling. Áirítear leis an ioncam seo: - Díbhinní ó scaireanna atá agat thar lear. - Pinsin agus sochair Leasa Shóisialaigh a fhaightear ón chineál ioncaim thar lear a fhaightear. - Ioncam ó thalamh nó ó mhaoin thar lear (ar nós cíosa). - Ioncam ar bith eile ó iontaobhais, ó chuideachtaí agus aonáin eile (ar nós gnóthachan ó bheartais árachais saoil thar lear, blianachtaí nó beartais fuascailte caipitil) thar lear.	Fianaise ó Oifigí Cánach thar lear. Leas Sóisialach Eachtrannach. Teastas Pinsin Eachtrannaigh. Teastais ioncaim nó ráitis ioncaim eile. **TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL:** Caithfidh tú fianaise a chur ar fáil fá dtaobh de **GACH** cineál ioncaim a fhaightear.
Ioncam maoine (Tugtar Ioncam Cíosa air seo fosta)	Seo ioncam a fhaightear ó thalamh nó ó mhaoin atá agat agus/nó a chuireann tú amach ar léas go páirtí eile. **NÍ** áirítear leis seo ioncam a chlúdaítear faoi scéim Rent-a-Room (má ligeann tú cóiríocht i do theach féin ar £4,250 nó níos lú in aghaidh na bliana).	Leabhar cíosa. Ráitis bhainc. **TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL:** Caithfidh tú fianaise a chur ar fáil fá dtaobh de **GACH** ioncam a fhaightear.

Ioncam pinsin	Seo ioncam a fuair tú más in aois an phinsin atá tú. Áirítear leis: - Pinsean Scoir Stáit. - Ioncam Pinsin Reachtúil. - Pleananna pinsin pearsanta. - Blianachtaí scoir.	Ráitis Phinsin Bhliantúla, Leabhar Pinsin, Pinsean P60 nó teastas pinsin íoctha. **TABHAIR FAOI DEARA LE DO THOIL:** Caithfidh tú fianaise a chur ar fáil fá dtaobh de **GACH** ioncam a fhaightear.
Ioncam barúlach	Seo ioncam a láimhsítear amhail agus go bhfuarthas é, fiú mura bhfuarthas go fisiceach é. Áirítear leis seo: - Caipiteal a láimhsítear mar ioncam, lena n-áirítear díbhinní a íoctar mar scaireanna chomh maith le hairgead tirim (díbhinní stoic), agus préimheanna fá dtaobh de dheontas léasa ar mhaoin atá agat. - Ioncam iontaobhais a láimhsítear mar ioncam duine eile, ar nós úis thar £100 ar chaipiteal i gcuntas cumann tógála páiste. - Ioncam a thugtar suas nó a aistrítear go duine eile lena n-áirítear díol pinsin ghairme nó aistriú cuntais bhainc go hainm duine inteacht eile.	Glacfaimid le do shíniú i Rannán J de d'iarratas ar fhoirm iarratais an EMA.

TÁBLA C – ASBHAINTÍ

Cineál Asbhainte	Tuairisc	Bunfhianaise de Dhíobháil e
Ranníocaíochtaí pinsean príobháideach	Seo beartas pearsanta a thógann tú amach tú féin, ní fríd d'áit fostaíochta, ó chuideachta árachais nó institiúid airgeadais agus lena ndéanann tú ranníocaíochtaí. Ní pinsean a íocann tú fríd do chuid oibre é seo.	Litir ó chuideachta pinsin. Ráiteas fá dtaobh de phinsean P60 nó, faoi choinne pinsean pearsanta, an ráiteas bliantúil fá dtaobh na ranníocaíochtaí.
Ranníocaíochtaí Deonacha Breise (AVCs)	Is ranníocaíochtaí breise iad seo a íocann tú isteach i bplean pinsin chun do chuid coigealtas pinsin a thabhairt suas don uasmhéid a cheadóidh an rialtas.	Litir ó chuideachta pinsin. Ráiteas fá dtaobh de phinsean P60.
Pá fá dtaobh de chuidiú baile de bharr neamhábaltachta.	Seo airgead a fuair tú chun íoc as cuidiú baile.	Ráiteas/litreacha sochair.
Costais ar bith eile a bhaineann le fostaíocht (má cheadaítear chun críocha cánach iad)	Seo costas ar bith eile a tháinig ort mar chuid de do phost a n-éilíonn tú díolúine ó cháin faoina choinne.	P2 Ráitis HMRC

An tAcht um Chosaint Sonraí, 1998

Bainfear leas as an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil ar an fhoirm seo chun iarratas an EMA agus riarachán ar bith ina dhiaidh a phróiseáil. Chun gur féidir an t-iarratas a phróiseáil agus a riar, déanfar do chuid faisnéise a roinnt leis an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (DE) agus le Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann (DEL), leis an scoil nó leis an choláiste ar a ndéanann tú freastal agus le Cuideachta Iasachtaí Mac Léinn (CIML) a riarann scéim an EMA. Tá de dhualgas ar na heagraíochtaí seo cistí poiblí a chosaint, agus thiocfadh fosta go mbainfidh siad feidhm as an fhaisnéis seo chun calaois a bhrath agus a chosc. Féadfaidh CIML an fhaisnéis a roinnt le comhlachtaí poiblí eile chun na críche seo. Féadfaidh CIML feidhm a bhaint as an fhaisnéis seo fosta chun teagmháil a dhéanamh leat fá dtaobh de tháirgí airgeadais eile do mhic léinn ina bhféadfadh tú suim a chur. Féadfaidh CIML do chuid faisnéise a choinneáil fosta chun cuidiú chun iarratas ar bith eile a dhéanfadh iarrthóir an EMA faoi choinne airgeadais bhreisoideachais a phróiseáil.